# Max Lally, trodaí óg

Meánleibhéal 1 (B1)

## A: MACHNAMH


Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoin trodaí óg sna healaíona comhraic measctha (*mixed martial arts – MMA*), Max Lally. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| **Na focail atá agat:** | **Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim:** |
|---|---|
| ealaíona comhraic measctha<br>troid<br>craobh | *amateur*<br>*featherweight*<br>*round* |

1. Má chiallaíonn MMA *Mixed Martial Arts*, cad is brí leis an ngiorrúchán UFC, dar leat? (Is féidir é a ghúgláil, mura bhfuil tú cinnte.)



2. Conas a dhéanfá cur síos ar jú-jiotsú? Féach anseo le blaiseadh a fháil, más gá. (ciceáil, caitheamh, bualadh le do ghlúin/do dhorn)
3. An dtaitníonn spóirt chomhraic leat? Cén fáth?
4. An duine mór spóirt thú go ginearálta? Mínigh.



## B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. camchuairt | *a. blossoming* |
| 2. i dtreo an chomórtais | *b. figure, personality* |
| 3. bláthú | *c. a bad name* |
| 4. naoi dtroid amaitéaracha | *d. new year* |
| 5. Craobh Chleitmheáchain | *e. nine amateur fights* |
| 6. an chéad bhabhta | *f. claims* |
| 7. droch-chlú | *g. tour* |
| 8. mór le rá | *h. the first round* |
| 9. maíonn | *i. acclaimed, famous* |
| 10. pearsa | *j. in the direction of the competition* |
| 11. tiomnaithe do | *k. dedicated to* |
| 12. athbhliain | *l. Featherweight Championship* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |

2. An cuimhin leat cad is brí leis an bhfocal 'dianghlasáil'? Tháinig an focal chun cinn sa bhliain 2020.

______________________________________________________________________

3. Líon na bearnaí sa tábla. Tá sampla amháin déanta duit.

| | | |
|---|---|---|
| suimiúil | níos suimiúla | is suimiúla |
| cumasach | níos ____________ | is ____________ |
| fíochmhar | níos ____________ | is ____________ |

Cuir na cinn thíos in abairtí lena mbrí a léiriú:

| | |
|---|---|
| *the most talented* | |
| *the fiercest* | |

## C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair agus bain úsáid as na focail Ghaeilge faoi B: FOCLÓIR chun na bearnaí a líonadh sna habairtí seo:

- Tá Max Lally ag dul ____________________ is mó ar domhan sa spórt – an UFC.
- Tá _________________ ar throdaí _________________ amháin in Éirinn faoi láthair.
- Beidh Max Lally páirteach i g _________________ *Cage Warriors*.
- Bhuaigh Max gach ceann de na _________________ a bhí aige agus cuireadh stop le gach troid sa* _________________ .(Leanann séimhiú 'sa' sa Chaighdeán Oifigiúil.)
- Bhuaigh sé _________________ an Domhain faoi 18 agus tá sé ag forbairt agus ag _________________ ó shin.
- _________________ Max agus a leithéidí go bhfuil an spórt níos mó ná _________________ amháin.
- Tá Max _________________ anois le bheith ar an stáitse is mó san _________________.

2. Féach ar an mír den dara huair agus freagair na ceisteanna thíos.

| |
|---|
| a) Cad as do Max Lally? |
| |
| b) Cén cúlra atá aige sna healaíona comhraic measctha? |
| |
| c) Cad a fhoghlaimímid sa mhír faoi na troideanna amaitéaracha ar ghlac sé páirt iontu go dtí seo? |
| |
| d) Cad a fhoghlaimímid sa mhír faoi na troideanna proifisiúnta ar ghlac sé páirt iontu go dtí seo? |
| |
| e) Cad a deir Max faoin droch-chlú atá ar an spórt? |
| |
| f) Cén sceideal traenála atá ag Max? |
| |

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an aimsir chaite)

a) Bain úsáid as na briathra seo thíos chun cur síos a dhéanamh ar shaol agus ar throideanna Max Lally go dtí seo. Scríobh na habairtí san aimsir chaite agus cuir do chuidse i gcomparáid le ceisteanna an duine in aice leat ansin.

| | |
|---|---|
| Tosaigh | |
| Socraigh | |
| Forbair | |
| Buaigh | |
| Cuir | |

b) Cum na ceisteanna cuí san aimsir chaite anois. Cuir do chuid ceisteanna i gcomparáid le ceisteanna an duine in aice leat ansin.

| | |
|---|---|
| Tosaigh | |
| Socraigh | |
| Forbair | |
| Buaigh | |
| Cuir | |

## 2: Saibhreas teanga (na contaetha)

An bhfuil an leagan Gaeilge de gach contae in Éirinn ar eolas agat? Féach anseo mura bhfuil tú cinnte. Freagair na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat.

| |
|---|
| a) Cén contae ar rugadh agus ar tógadh thú féin ann? |
| |
| b) Cén contae ina bhfuil Brú na Bóinne? |
| |
| c) Liostaigh na contaetha atá i gCúige Mumhan. |
| |
| d) Cén contae ina bhfuil Clochán an Aifir? |
| |
| e) Liostaigh na contaetha a bhfuil Gaeltacht iontu. |
| |

# E: CUMARSÁID


## 1: Caint

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna seo le chéile.

a) An bhfuil an sceideal traenála céanna agaibh féin is atá ag Max Lally? Cén fáth?

b) Go minic ag tús na hathbhliana bíonn go leor dea-rún ag daoine – níos mó aclaíochta a dhéanamh, mar shampla, nó éirí as seacláid a ithe. Cad iad rúin choitianta eile na hAthbhliana a bhíonn ag daoine?

c) Féachaigí ar an bpictiúr thíos de dhuine atá ag smaoineamh ar na dea-rúin ar fad atá acu, agus freagraígí na ceisteanna.




1. Cad iad na rudaí ba mhaith leis an duine a athrú san athbhliain, dar leat?
2. Conas a mhothaíonn an duine sa phictiúr, dar leat?
3. Cén fáth a mothaíonn an duine sin mar sin, dar leat?

d) Cad iad rúin na hAthbhliana atá agat féin i mbliana? An mbeidh sé deacair iad a choinneáil?

## 2: Scríobh

Scríobh cúpla líne i do dhialann phearsanta faoi na dea-rúin atá déanta agat don athbhliain. Más duine tú nach mbacann le rúin na hAthbhliana, bain úsáid as do shamhlaíocht agus cum cúpla ceann bunaithe ar an bpictiúr faoi Caint thuas.

## 3. Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| **Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:** |
| --- |
| |

# AN SCRIPT

**Eimear Ní Chonaola**
Cúrsaí spóirt anois agus tá bliain mhór roimh throdaí óg MMA as Contae na Mí, Max Lally, a bheas[1] páirteach i gcamchuairt *Cage Warriors* den chéad uair riamh. Tá súil ag fear Chill Dhéagláin gur céim eile a bheas ann i dtreo an chomórtais is mó ar domhan sa spórt – an UFC.

**Ruairí Mac Con Iomaire**
Is i ndisciplín an jú-jiotsú, breis agus deich mbliana ó shin, a thosaigh turas Max Lally i saol na n-ealaíon míleata measctha[2]. Ach is i ndiaidh dhianghlasáil Covid a shocraigh fear óg Chill Dhéagláin i gContae na Mí díriú ar an spórt ilstíle MMA. Agus ó rinne sé é sin, tá sé tar éis forbairt agus bláthú, é anois ar cheann de na trodaí is cumasaí agus is fíochmhaire sa gcluiche[3].

Naoi dtroid amaitéaracha a bhí ag Max, chuile[4] cheann acu sin buaite aige – ina measc, Craobh Chleitmheáchain faoi Ocht mBliana Déag d'Aois an Domhain. Agus tá trí throid phroifisiúnta curtha de anois leis aige. Agus ní hamháin go bhfuil siad sin ar fad buaite freisin aige ach iad ar fad stoptha sa gcéad bhabhta. Craobh Chleitmheáchain *Cage Legacy* na hEorpa, go deimhin, buaite aige i mBaile Átha Cliath sa samhradh.

**Max Lally, Curadh Cleitmheáchain na hEorpa**
Mo thríú troid agamsa sna *professional ranks* agus bhuaigh mé é sin sa chéad *round*, ceapaim, dhá nóiméad nó rud éigin mar sin. Agus bhí sé sin an-mhaith mar chuir sé sin mé ar an mbóthar go dtí *Cage Warriors* agus tá mé le *Cage Warriors* anois ….

**Ruairí Mac Con Iomaire**
Tá go leor droch-chlú tarraingthe ag trodaí mór le rá ón tír seo air féin – agus i súile go leor daoine – ar spóirt na MMA go ginearálta. Ach maíonn leithéidí Max agus na céadta Éireannach eile atá an-phaiseanta go deo faoi na MMA go bhfuil an spórt i bhfad níos mó ná aon phearsa ar leith.

Bíonn Max ag traenáil faoi dhó sa lá, cúig lá in aghaidh na seachtaine agus uair amháin in aghaidh an lae, an dá lá eile. Sin idir dornálaíocht, iomrascáil, agus (traenáil) nirt agus aclaíochta. Tá a shaol ar fad tiomnaithe anois aige ar dheis iomaíochta a shaothrú dó féin ar an stáitse is mó.

Beidh céim mhór ar an mbóthar sin amach roimhe anois go luath san athbhliain, lena chéad troid siúd ar chamchuairt *Cage Warriors*.

**Max Lally, Curadh Cleitmheáchain na hEorpa**
Níl a fhios aige cad a bhfuil mé ag caint faoi ach go raibh míle maith agat.

**Ruairí Mac Con Iomaire**
Ruairí Mac Con Iomaire, Nuacht TG4 i mBaile Átha Cliath.

---

[1] 'a bheas' = a bheidh

[2] 'ealaíona comhraic measctha' an leagan coitianta

[3] Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.

[4] chuile= leagan canúnach de 'gach aon'

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí ‘machnamh’ a dhéanamh ar an méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis dóibh na ceisteanna a phlé le chéile.

## B: FOCLÓIR

1. Freagraí:

| | |
|---|---|
| camchuairt | *tour* |
| i dtreo an chomórtais | *in the direction of the competition* |
| bláthú | *blossoming* |
| naoi dtroid amaitéaracha | *nine amateur fights* |
| Craobh Chleitmheáchain | *Featherweight Championship* |
| an chéad bhabhta | *the first round* |
| droch-chlú | *a bad name* |
| mór le rá | *acclaimed, famous* |
| maíonn | *claims* |
| pearsa | *figure, personality* |
| tiomnaithe do | *dedicated to* |
| athbhliain | *new year* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| g | j | a | e | l | h | c | i | f | b | k | d |

1. Dianghlasáil = *lockdown*.
2. Freagraí:

| | | |
|---|---|---|
| suimiúil | níos suimiúla | is suimiúla |
| cumasach | níos **cumasaí** | is **cumasaí** |
| fíochmhar | níos **fíochmhaire** | is **fíochmhaire** |

| | |
|---|---|
| *the most talented* | Is é an trodaí is cumasaí ar domhan é. |
| *the fiercest* | Is é an trodaí is fíochmhaire in Éirinn é. |

## C: TUISCINT

1. Freagraí:

- Tá Max Lally ag dul **i dtreo an chomórtais** is mó ar domhan sa spórt – an UFC.
- Tá **droch-chlú** ar throdaí **mór le rá** amháin in Éirinn faoi láthair.
- Beidh Max Lally páirteach i g**camchuairt** *Cage Warriors*.
- Bhuaigh Max gach ceann de na **naoi dtroid amaitéaracha** a bhí aige agus cuireadh stop le gach troid sa **chéad bhabhta**.
- Bhuaigh sé **Craobh Chleitmheáchain** an Domhain faoi 18 agus tá sé ag forbairt agus ag **bláthú** ó shin.
- **Maíonn** Max agus a leithéidí go bhfuil an spórt níos mó ná **pearsa** amháin.
- Tá Max **tiomnaithe** anois le bheith ar an stáitse is mó san **athbhliain**.

2. Freagraí: Féach an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an aimsir chaite)

a) Féach, mar shampla:

| | |
|---|---|
| Tosaigh | Thosaigh a shaol sna healaíona comhraic measctha i ndisciplín an jú-jiotsú. |
| Socraigh | Shocraigh sé leanúint ar aghaidh le MMA le linn dhianghlasáil Covid. |
| Forbair | D'fhorbair sé go mór mar throdaí ó shin. |
| Buaigh | Bhuaigh sé naoi dtroid amaitéaracha agus trí throid phroifisiúnta go dtí seo. |
| Cuir | Chuir an tríú bua proifisiúnta ar bhóthar *Cage Warriors* é. |

b) Cum na ceisteanna cuí san aimsir chaite anois. Cuir do chuid ceisteanna i gcomparáid le cinn an duine in aice leat ansin.

| | |
|---|---|
| Tosaigh | Ar thosaigh a shaol sna healaíona comhraic measctha i ndisciplín an jú-jiotsú? |
| Socraigh | Ar shocraigh sé leanúint ar aghaidh le MMA le linn dhianghlasáil Covid? |
| Forbair | Ar fhorbair sé go mór mar throdaí ó shin? |
| Buaigh | Ar bhuaigh sé naoi dtroid amaitéaracha agus trí throid phroifisiúnta go dtí seo? |
| Cuir | Ar chuir an tríú bua proifisiúnta ar bhóthar *Cage Warriors* é? |

### 2: Saibhreas teanga (na contaetha)

Tá na contaetha ar fad ar fáil anseo. Freagraí:

| |
|---|
| a) Cén contae ar rugadh agus ar tógadh thú féin ann? |
| Freagra pearsanta. |
| b) Cén contae ina bhfuil Brú na Bóinne? |
| Contae na Mí. |
| c) Liostaigh na contaetha atá i gCúige Mumhan. |
| Contae Chiarraí, Contae an Chláir, Contae Chorcaí, Contae Luimnigh, Contae Phort Láirge, Contae Thiobraid Árann. |
| d) Cén contae ina bhfuil Clochán an Aifir? |
| Contae Aontroma. |
| e) Liostaigh na contaetha a bhfuil Gaeltacht iontu. |
| Contae Dhún na nGall, Contae Mhaigh Eo, Contae na Gaillimhe, Contae Chiarraí, Contae Chorcaí, Contae Phort Láirge, Contae na Mí. |

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Tabhair deis dóibh rúin na hAthbhliana a phlé ina mbeirteanna sula bpléifidh tusa na ceisteanna leis an rang ar fad. Seo abairtí samplacha bunaithe ar an bpictiúr:

- ✓ Ba mhaith leo níos mó aclaíochta a dhéanamh, go háirithe tógáil meáchan.
- ✓ Ba mhaith leo bia níos sláintiúla a ithe agus gearradh siar ar mhilseoga.
- ✓ Ba mhaith leo dul a luí níos luaithe gach oíche. / Ba mhaith leo iarracht a dhéanamh a bheith in am don obair agus d'ócáidí sóisialta.
- ✓ Ba mhaith leo níos mó airgid a shaothrú agus a shábháil.
- ✓ Ba mhaith leo níos mó leabhar a léamh.
- ✓ Ba mhaith leo níos mó ama a chaitheamh leis an gclann nó leis an teaghlach.

Is dócha go mothaíonn an duine sa phictiúr trína chéile nó go bhfuil gach rud ag dul sa mhuileann orthu. B'fhéidir go mothaíonn siad trína chéile mar go bhfuil siad ag iarraidh barraíocht rudaí a athrú róthapa.

### 2: Scríobh

Abair leo cúpla líne a scríobh ina ndialanna faoi na rúin atá acu. Scríobh na nathanna seo ar an gclár chun cuidiú leo:

Ba mhaith liom ….
Ba cheart dom …
Caithfidh mé …
Ní mór dom …
Tá sé i gceist agam…

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.